

❖ An Lúbín ❖

18 Meitheamh 2009

Caighdeán nua

Standard Irish, devised in the fifties, is to be reviewed.

Tá an Caighdeán le hathbheithniú. (B'fhéidir nach mbeadh gá agat le haon scéal mór eile i mbliana.) Ceapfar duine leis an obair a chur chun cinn: Stiúrthóir na Seirbhísí Aistriúcháin, post nua de chuid an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tá baint éigin ag an athbheithniú seo le cúpla rud a dúirt an Coimisinéir Ilteangachais an AE faoi dheacrachtaí an Chaighdeáin Oifigiúil agus faoi stádas oifigiúil na Gaeilge san AE.

Sa bhliain 1958 a leagadh síos caighdeán gramadaí agus litrithe na Gaeilge. Bhí daoine éigin míshásta mar a bhíonn riamh agus a leithéid i gceist: comhréiteach teanga agus a lán trána le freastal. Bhí ar an gCaighdeán aird a thabhairt ar chaint na ndaoine mar a bhí sí sa Ghaeltacht ag an am, ar riachtanais an tsaoil nua agus ar chuimhne na staire.

Rinne an Caighdeán simpliú áirithe ar an teanga; aithníodh, mar shampla, nár géilleadh go forleathan a thuilleadh don chuspóireach. Ach níorbh é sin deireadh an scéil: is iomaí scoláire a deir nach foláir simpliú eile a dhéanamh ar na rialacha gramadaí. Tá an teanga ag athrú uathí féin, ar ndóigh, agus tá na canúintí traidisiúnta ag meath; d'fhéadfaí simpliú breise a chur i bhfeidhm, mar sin, gan an teanga a chur as a riocht.

Cibé athruithe a dhéanfar ní rachfar thar fóir. Is cosúil go gcloífear, tríd is tríd, leis an seanrud, ach ní féidir a bheith cinnte faoi láthair cad is cor don teanga agus í beo i mbéal glúine nár chónaigh riamh sa Ghaeltacht. Tá an teanga á criólú (á huirbiú, más maith leat) faoi anáil an Bhéarla agus Ghaeilge chúng na scoile, agus ní bheadh sa Chaighdeán Nua ach teorainn oifigiúil. Cibé saibhreas teanga atá i bhfoclóir Uí Dhónaill níl sé le cloisteáil ar an tsráid ná ar an aer, agus is díol spéise é an t-athrú a d'fhéadfadh teacht ar an séimhiú agus ar an urú. Ach beidh an Caighdeán ina chaomhnú tur ar nós gach caighdeáin eile.



An Ghàidhlig i measc an phobail

Funding for organisations working for grass-roots Gaelic in Scotland.

Tá Bòrd na Gàidhlig in Albain tar éis a chiste bliantúil pobail a chur ar fáil: Taic Freumhan Coimhearsnachd. Tá sé d'aidhm aige úsáid na Gàidhlig a neartú i measc an phobail, rud atá ag teacht le Plean Náisiúnta na Gàidhlig. Tá sin ag teastáil go géar agus a laghad sin cainteoirí ann. Féach: www.bord-na-gaidhlig.org.uk.

I mbliana tá £100,000 sa chiste, in éineacht le £190,000 atá ag dul do thionscadail a thosaigh anuraidh. Baineann Taic Freumhan Coimhearsnachd le clár trí bliana, agus táthar ag iarraidh iarratas ó eagraíochtaí pobail, ó ghrúpaí deonacha, ó ghnólachta beaga agus ó eagraíochtaí eile ar mian leo an teanga a chur á labhairt sna sráideanna ar fud na tíre.

Bhí tacaíocht le tabhairt cheana do roinnt pobal trí na hIomairtean Cànain (Tionscadail Teanga), ach pobail eile atá i gceist anseo, cuid acu in áiteanna a bhfuil an teanga láidir agus cuid eile in áiteanna a bhfuil sí ag fás. Is féidir suas le £5,000 a iarraidh de réir an tionscadail.



Bóthar eile

In Mayo, home of a dwindling Gaeltacht, the road signs are being reviewed.

Ní aon scéal nua é Gaeilge mhíchruinn a bheith ar chomharthaí bóthair na hÉireann. Tá sé ag dó na geirbe ag Seán Ó Héalaí, athchraoltóir de chuid Raidió na Gaeltachta, ón mbliain 2006 i leith, agus aird ar leith aige ar an scéal i gCo Mhuigh Eo, áit a bhfuil cuid di in ainm is a bheith ina Gaeltacht. Dúirt sé fiú gur dhócha go gcuirfí stádas Gaeltachta Acla agus an chuid is mó d'Iorras agus de Thuar Mhic Éadaigh i mbaol de bharr an mhíchruinnis, agus teorainneacha na Gaeltachta le hatarraingt.

Sa bhliain 2006 ghlac Comhairle an Chontae d'aonghuth le rún go ndéanfaí na comharthaí a iniúchadh, ach ní dhearnadh faic. D'aimsigh Seán Ó Héalaigh trí áit is tríocha a raibh míltriú ar na comharthaí, ach dúirt an Chomhairle nárbh fhéidir iad a cheartú nó go raibh an t-airgead ann chuige, agus gur don NRA¹ ba chóir comharthaí an mhórbhóthair a cheartú.

Cuma eile atá ar an scéal anois: bhí cruinniú ann, tháinig ar réiteach agus beidh gach míchruinneas ceartaithe faoi dheireadh na bliana seo de réir na leaganacha ar www.logainm.ie nó san Ordú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2008 (Dréacht). Deirtear go bhfuil Comhairle Chontae Mhuigh Eo ar an gcéad chomhairle Ghaeltachta a chuaigh i gceann na hoibre seo, agus is iomaí contae eile ar fud na tíre ab fhiú a ghlanadh.

Dúradh cheana go bhfuil siombalachas ar leith ag baint le comharthaí bóthair agus gur léiriú iad ar an aird a thugtar ar an nGaeilge i réimsí eile den saol: an treo contráilte i gcónaí agus an taistealaí ar strae. Tá fáilte roimh an mbealach nua, ach ba dheacair Gaeltacht Mhuigh Eo a shábháil dá bharr.



Foinse i mbaol

The sole remaining Irish-language newspaper, Foinse, is in trouble.

Tá an nuachtán seachtainiúil *Foinse* i gcrúachas cheal airgid. Is baolach anois go gcuirfear deireadh léi mar a cuireadh deireadh le *Lá Nua*. Dúradh ansin nárbh fhéidir le saol na Gaeilge dhá nuachtán a chothú; dealraíonn sé anois nach féidir leis ceann amháin a choinneáil beo. Ní féidir le haon nuachtán Gaeilge teacht slán gan mhaoiniú, ar ndóigh; ní mór an ceannach atá ar a leithéidí, agus bhí fadhbanna dáiliúcháin riamh ann.

Beidh *Foinse* le fáil go ceann coicíse eile de bharr socrú sealadach a rinne úinéir an nuachtáin agus Foras na Gaeilge. Idir Meán Fómhair 2008 agus Aibreán 2009 bhí *Foinse* ag fáil deontas €298,000 in aghaidh na bliana (€24,833 sa mhí) ó Fhoras na Gaeilge, ach bhí airgead á chailleadh gan stad - timpeall €6,000 sa tseachtain. Tháinig laghdú 75% ar an teacht isteach a bhí le fáil ón bhfógraíocht.

Dhiúltaigh an nuachtán do chonradh nua a bhí á thairiscint ag Foras na Gaeilge chun an nuachtán a chur ar fáil go ceann ceithre bliana eile toisc nár leor an t-airgead a bheadh ag gabháil leis. Mura nglactar leis an tairiscint is dócha go gcuirfidh Foras na Gaeilge comórtas ar siúl do nuachtán seachtainiúil nua, agus tógfaidh sin tamall maith.

B'fhéidir go dtiocfadh méadú ar an méid nuachta agus tráchtairreachta atá le fáil i nGaeilge ar an Idirlíon, leithéid <http://andrumamor.blogspot.com> agus www.nosmag.com. B'fhéidir nach fiú nuachtán den seansórt a fhoilsiú i nGaeilge ar chor ar bith, agus nuachtáin i dteangacha eile ag cúlú chun an Ghréasáin. Is scáinte an dream iad pobal na Gaeilge fós.



¹ An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta.

Plandáil Uladh

Comhdhála

Idir 25-26 Meitheamh, 3-5 Iúil agus 23-25 Deireadh Fómhair 2009 beidh trí chomhdháil mhóra ar siúl ag Goldsmiths (University of London), ag Ollscoil Uladh agus ag Coláiste na Tríonóide chun cothrom ceithre chéad bliain Phlandáil Uladh a chomóradh.

Chuir Plandáil Uladh bailchrioch ar fhorghabháil na hÉireann, agus rinne sí an tír a chlaochlú i gcúrsaí dealraimh, déimeagrafaice, socheacnamaíochta, polaitíochta, míleata agus cultúir. Ba í an chéad iarracht rathúil a thug an Bhreatain agus Cathair Londan ar phlandáil, agus bheadh baint mhór ag a ndearna an Chathair lena cuid den chreach a chosaint le treascairt na Stiobhartach sna 1640í. Thairis sin de, bhain an Bhreatain tairbhe as sampla Uladh chun a leithéid a dhéanamh i Meiriceá, i Muir Chairib agus san India.

Déanfaidh mórscoláirí ó Éirinn, ón mBreatain, ón Eoraip agus ó Mheiriceá an Phlandáil a chioradh i gcomhthéacs áitiúil, naiseunta agus idirnáisiúnta. Beidh an chéad chomhdháil i Londain, an dara ceann i nDaingean na Plandála i nDoire, agus an tríú ceann i gColáiste na Tríonóide, áit a fuair airgead mór de bharr na Plandála agus a bhfuil taifid liteartha, staire agus chairtghrafaíochta na heachtra ann. Ceannairc na Bliana 1641 is ábhar don tríú comhdháil.

Eolas: An Dr Ariel Hessayon ag a.hessayon@gold.ac.uk, an Dr Éamonn Ó Ciardha (Ollscoil Uladh) ag e.ociardha@ulster.ac.uk, an Dr Micheál Ó Siochrú (TCD) ag m.osiochrm@tcd.ie.

Féach www.theplantationofulster.co.uk.

An Rianach groí

Eugene Ryan (Eoghan Ó Riain) was the chief champion of the Irish language in late 19th century Sydney.

Deirtear go sceitheann éan as gach ealta. Bhí cruthú an tseanfhocail le fáil in Eoghan Ó Riain, Éireannach a bhí ina chónaí i Sydney na hAstráile sa chuid dheireanach den 19ú haois agus a bhí chun tosaigh i measc lucht saothraithe na Gaeilge ann. Bhí sé mór leis an Dr Níoclás Ó Domhnaill, Gaeilgeoir nótalta as Melbourne a scríobh alt suimiúil faoin Rianach nuair a chuaigh sé siúd i gcré.

Cathair ar leith ba ea Sydney: cuan fíorálainn aici, agus údaráis áitiúla ann a bhí thar a bheith neamhinniúil, rud ba chúis le drochchaoi na mbóithre (pluda sa gheimhreadh, deannach sa samhradh) agus le cliseadh an tséarachais. Sna 1880í ba chúng iad na sráideanna sa chuid ba mhó den áit agus bhí na cosáin go dona, cé go raibh cuma ghalánta ar lár an cathrach. Ní raibh aon easpa tithe gobáin ar an gcathair, agus faoi na 1890í bhí na táinte francach le fáil cois calaidh de bharr a raibh de thruailliú ann. Ach, ar nós Mhelbourne, b'áit bheoga í – na sluaite sna sráideanna, lucht díolta pióg agus prátaí bÁCáilte ina measc, mangairí ag reic oisrí, caife agus crúibíní, mangairí eile ag fógairt leigheas bréige. Bhí idir pháilais agus shlumanna ann, agus lánaí, clúideanna agus seantithe ann nach bhfuil a n-iarsmaí féin le fáil anois. Bhí borradh gan stad faoin daonra, ó timpeall 250,000 duine sna 1880í go dtí os cionn 400,000 i ndeireadh na haoise. Sin í an chathair a bhain an Rianach amach, agus neart Éireannach roimhe a raibh Gaeilge ó dhúchas acu.

Bhí cuma ar leith ar an Rianach. Cliobaire d'fhear groí agus féasóg fhada dhubh air. Blagaid air. É gealgháireach i gcónaí agus mór le cách, rud a cheil (dar leis an Domhnallach) an dáiríreach a bhí ann. Rugadh é i dTiobraid Árann sa bhliain 1864 agus tháinig go dtí an

Astráil nuair a bhí sé timpeall aon bhliain amháin is fiche d'aois. Duine iléirimiúil a bhí ann, múinteoir scoile, ceoltóir agus fear teangeacha. Francís, Iodáilis agus Spáinnis ar a thoil aige, Sínis freisin más fíor don Domhnallach, agus scoth Gaeilge.

A uncail Diarmaid, múinteoir oilte, a chuir oideachas air, agus fuair an Rianach a chuid céimeanna i gColáiste Bhráithre Phádraig i Maigheann Rátha. Le múinteoireacht a chuaigh sé san Astráil, é ag obair i Maitland agus in Armidale ar dtús agus san University College i Redfern, Sydney, ina dhiaidh sin ar feadh dhá bhliain déag, ag cur ógánach trí scrúduithe an Mháithreánaigh le haghaidh na hOllscoile nó trí scrúduithe na seirbhíse poiblí. Deirtear gur mhúin sé Gaeilge ann, agus rith sé ranganna don Chonradh.

Fear mór iománaíochta ba ea é a thacaigh go tréan leis an gclub áitiúil. Bhí cuma Ghaelach fiú ar a mhodh imeachta, ó b'eisean an t-aon duine amháin i Sydney a raibh *jaunting car* aige agus í le feiceáil ar Bhóthar Bhotainí laethanta saoire. Bhí a dheartháir Bernard i Redfern freisin agus é ina bhall de Bhráithre Phádraig. Bhí an Rianach pósta ach ní raibh clann air. Níor mhúinteoir amháin é ach tábhairneoir chomh maith, rud a d'oirfeadh d'fhear cuideachtúil. I Sráid Sheoirse Thiar i Sydney a bhí an teach tábhairne, agus thug an Domhnallach cuntas air: ochtar nó deichniúr páistí ag cleachtadh ríle nó poirt tuas an staighre, fidiléir agus píobaire le cloisteáil, gasra Muimhneach ag cíoradh chúrsaí an lae i nGaeilge i bparlús eile, fear an tí ina dhuine den chuideachta ó am go chéile, lucht imeartha cártaí go glórach ina gclúid féin: 'An t-aon!' 'An t-aon harta!' 'Sonas ar do lámh, a bhuachaill,' 'An cuireata!' 'Mo ghraidhn thú, a Mhíchíl,' 'An cíoná!' 'T'anam 'un Dia,' 'Is linne an cluiche'.

Ó am go chéile rachadh sé ó dheas chun Melbourne, agus d'fhanadh sé sa Chlub Ceilteach, foirgneamh cloiche i lár na cathrach atá ann go fóill agus corrfhocal Gaeilge le cloisteáil ann. Ba chuimhin leis an Domhnallach an óráid bhríomhar a thug an Rianach ag comóradh Emmet i Halla Naomh Pádraig i Melbourne, óráid a chríochnaigh leis na focail: 'Go maraí an Diabhal na Sasanaigh!' Ach níorbh fhear é a mbeadh cíocras fola air; ar nós an Domhnallaigh féin, bhí sé ar a dhícheall ag cur chúis an Rialtais Dhúchais in Éirinn chun cinn, é ina bhall de choistí agus d'fhochoistí agus airgead á bhailiú aige. Cailleadh an Rianach sa bhliain 1905 in aois a aon bhliain amháin is dhá scór - bás roimh aois - agus fuarthas teachtaireacht chomhbhróin ó Willy Redmond, ceannaire an pháirtí Éireannaigh i Westminster. Ní fios cén taobh a rachadh sé leis tar éis Sheachtain na Cásca, nuair a bhí na seanchuspóirí imithe le gaoth agus Éire den shaghas nua ag teacht ar an saol.

Bhain an Rianach agus a leithéidí le ré a raibh mórán cainteoirí dúchais sna cathracha Astrálacha ba mhó, daoine ar tháinig a bhformhór ó Éirinn sna 1860í agus ar bhain cuid acu sult as an teanga ach faill a bheith acu leis. Bhí an Rianach féin ar an nglúin úd a rugadh tar éis an Drochshaoil agus Gaeilge ag cuid mhaith acu fós - 20% ar a laghad i ndeisceart Thíobraid Árann féin sna 1860í. Bhí éifeacht ar leith le mo dhuine ach ba dheacair dó an teanga nó aon chuid den teanga a thabhairt slán san Astráil cheal na n-acmhainní agus na n-áiseanna a bhain le Béarla. Ag féachaint siar dúinn feicimid go raibh tábhacht éigin stairiúil leis, cé nár leis an cluiche. Má tá Gaeilge ag roinnt Astrálach anois, is cuid dá thiomnacht é.²



² Níorbh fhéidir an píosa seo a scríobh gan an taighde a rinne an Dr Val Ó Nuadháin, scoláire as Melbourne. Rinne sé staidéar ar shaol an Domhnallaigh freisin, agus cuid de le léamh ar an iris *Feasta*, Bealtaine 2009.

Madagascar

The island of Madagascar is an African country with an south-east Asian language, unique fauna and flora, and a turbulent modern history.

Tá aduaine éigin ag baint le Madagascar: oileán mór in aice leis an Afraic agus teanga Mhalaech (ó oileáin na hIndinése) mar theanga oifigiúil ann; plandaí agus ainmhithe ann nach bhfaighfeá in áit ar bith eile; an-éagsúlacht ag baint leis ó thaobh cultúir agus timpeallachta de.

Teangacha agus daoine

Baineann an Mhalagáisis leis na teangacha Malae-Pholainéiseacha, go háirithe le teangacha ó dheisceart Bhoirneo, agus rian na Malaeisise agus na Javanaise le haithint uirthi, rud a thugann léargas ar na chéad lonnaitheoirí. Síltear gur tháinig na chéad daoine chun an oileáin ó oirdheisceart na hÁise (ó Bhoirneo, b'fhéidir, nó ón gCeilibéis) idir na blianta 200 agus 500 i mbáid bhacáin amuigh. De réir mar a deir na finscéalta, ba iad na Vaisimbigh (*Vasimba*) ba thúsce a chuaigh chun cónaithe ann, agus lean inimircigh eile iad – daoine ó Bhoirneo, ó oileáin eile de chuid na hIndinése, ó na hoileáin Philipíneacha, agus ó oileán Thonga sa Chiúin-Aigéan. Rinne na Vaisimbigh imeascadh, a bheag nó a mhór, leis na Bantúigh, dream a tháinig aniar ón Afraic lena gcuid teangacha féin. Ó Mhadagascar a tháinig na daoine a lonnigh ar na hoileáin máguaird – Oileáin Chomóra, La Réunion agus eile. Bhí na hArabaigh ag trádáil le muintir an oileáin sna meánaoiseanna agus iad ag cur fúthu ann de réir a chéile (tá timpeall 7% den phobal ina Muslamaigh). Taispeánann reilig áirithe (i Vohémar) go raibh Peirsigh ann roimh an mbliain 1200. Sa ré ina dhiaidh sin tháinig breis Malaech agus Javanach, in éineacht le daoine ón gCeilibéis, ón India, ón Araib agus ón Eoraip.

Pobal measctha a tháinig as seo, agus a lán treibheacha: éagsúlacht agus cosúlacht, imreas agus cultúr coitianta. Tá ocht treibh déag i Madagascar, agus iad roinnte de réir réigiún seachas de réir cine. Is de sliocht measctha gach ceann acu, agus cultas na sinsear acu go léir.

Tá foinní éagsúla an chultúir le haithint ar bhia na tíre: bunús Áiseach agus lorg na hIndia, na hAraib agus na hAfraice air. Tá tábhacht ar leith, mar sin, leis an rís, leis na bananaí, leis an iasc, leis an mairteoil agus leis na trátaí.

Tá an-tábhacht leis an bhfine i Madagascar, agus í ag tosú leis na sin-seanaitheacha. Daoine ar gaolta iad de réir na fine sin is geis dóibh pósadh. Tá mórán ag brath ar an ngaol, dá fhad amach é, i gcúrsaí beatha agus báis.

An timpeallacht

Trí réigiún atá san oileán: machaire cúng thoir, sléibhte sa lár agus ísleáin thiar. Níl ach dhá shéasúr ann: séasúr na fearthainne ó Mhí na Samhna go dtí Mí Aibreáin, agus séasúr tirim fionnuar ó Mhí na Bealtaine go dtí Mí Dheireadh Fómhair. Bhain Madagascar le Gondwana, ilchríoch ársa a giotaíodh 240 milliún bliain ó shin; scar Madagascar ó fho-ilchríoch na hIndia idir 80 milliún agus 100 milliún bliain ó shin, agus fágadh Madagascar mar a bhfuil sé anois. Tháinig ainmhithe agus plandaí ar leith chun cinn ann, cé go bhfuil an churadóireacht agus an dífhoraoisiú ag déanamh díobhála don éagsúlacht sin le fada an lá. Is ábhar mór suntais freisin é a bhfuil le fáil d'ainmhithe agus d'iasc neamhchoitianta san fharrage timpeall an oileáin, cé go bhfuil gá le breis taighde.

D'ainneoin leagan fhormhór na gcoillte, is beag áit is saibhre ná Madagascar maidir le bithéagsúlacht. Tuigeann an rialtas tábhacht an scéil, agus faoi láthair tá 3.7 milliún heicteár ina limistéar cosanta. Is é an léamar an t-ainmhí is mó iomrá, cé nach i Madagascar amháin a bhfuil fáil air: ainmhí oíche na súl mór agus gaol aige leis na moncaithe. (Tagann an t-ainm ó *lemures* – taibhsí - na Laidine.) Ar na ceantair chosanta úd tá Mahavavy-Kinkony, áit san oirthuaisceart atá lán de lochanna, d'aibhneacha agus de choillte, agus neart éan, éisc agus reiptílí. (Tá 133 cineál éan ann agus baint ag sé cinn is seasca díobh le Madagascar amháin.)

Ríthe agus Eorpaigh

Tháinig a lán ríochtaí ar an bhfód tar éis an chéad áitriú, agus iad ag trádáil le hoirthear na hAfraice, leis an Meán-Oirthear agus leis an India. Faoi na meánaoiseanna bhí ríthe tréana réigiúnacha ann agus stádas diaga acu. Thosaigh na Portaingéalaigh ag trádáil le muintir Mhadagascar sa 16ú haois; lean na Francaigh iad sa 17ú haois, agus bhí píoráidí ag baint feidhme as an oileán mar áit dhíne ó na 1770í go dtí an bhliain 1824.

Ó na 1790í amach d'éirigh leis an ríora Meiríneach (*Merina*) smacht a fháil ar fhorhmór an oileáin agus iad ag dul i bpáirt leis na Briotanaigh: cuireadh deireadh leis an daoirse, a raibh an-tábhacht léi i gcúrsaí tráchtála, fuarthas maoiniú ón mBreatain agus ghlac na Meirínigh leis an gCríostaíocht de réir a chéile. (Mar sin féin, cleachtann timpeall 50% den phobal an creideamh traidisiúnta fós, creideamh a chuireann treise ar an gcaidreamh idir na beo agus na mairbh agus atá láidir fós i measc Mheirínigh na sléibhte.)

An coilíneachas

Sa bhliain 1883 rinne na Francaigh ionradh, ag iarraidh cúitimh i maoin a baineadh de shaoránaigh Fhrancacha. Sa bhliain 1890 rinneadh coimearcas Francach den oileán agus sa bhliain 1886 rinne na Francaigh ionradh eile agus shealbhaigh an áit.

Sa Dara Cogadh Domhanda bhí saighdiúirí ó Mhadagascar ag troid sa Fhrainc, i Maracó agus sa tSiria. Nuair a thosaigh an cogadh bhí an t-oileán faoi smacht Vichy, ach thug na Briotanaigh do na Francaigh Shaora, lucht de Gaulle, é sa bhliain 1942. Sa bhliain 1947 d'éirigh muintir Mhadagascar amach i gcoinne na Fraince; cuireadh an cheannairc faoi chois go fuilteach, ach ina dhiaidh sin leasaíodh cúrsaí riaracháin agus bhí síocháin ann go dtí an bhliain 1960, nuair a baineadh amach neamhspleáchas. Fraincis atá i mbéal na scothaicme fós.

Ré pholaitiúil nua

Bhí dlúthnasc idir an Fhrainc agus Madagascar fós agus an chéad uachtarán, Philibert Tsiranana, i réim, rud a chuir colg ar mhórán daoine agus ba chionsiocair lena chur as oifig; tháinig Didier Ratsiraka, oifigeach cabhlaigh, i dtreis sa bhliain 1975, rud a bhí mar chomhartha ar chumhacht na bhfórsaí armtha feasta i gcúrsaí polaitíochta. Ar dtús chuaigh sé leis an sóisialachas, ach tosaíodh ar chruth nua a chur ar an ngeilleagar i ndeireadh na 1980í, agus an príobháidíú mar chuid de (rud a rinneadh de bharr áiteamh an Bhainc Dhomhanda, mórán). Tríd is tríd, chuaigh an geilleagar chun cinn, ach níor tháinig feabhas ar ghnóthaí riaracháin, bhí mórán bochtán ann fós faoin tuath go háirithe, agus bhí an t-éilliú go dona ar fad. Ní raibh Ratsiraka agus a pháirtí gan freasúra; chuir an t-arm léirsithe faoi chois sa bhliain 1991 agus ní raibh Ratsiraka ina uachtarán idir na blianta 1993 agus 1996.

Sa bhliain 2001 chuaigh Marc Ravalomanana, méara na príomhchathrach (Antananarivo) agus toice mór, i ngleic le Ratsiraka sna toghcháin uachtaránachta. Bhí an toradh ina chnámh spairne, agus Ravalomanana á rá gurb eisean a bhuaigh; sa bhliain 2002 tháinig na cúirteanna leis. Dúirt Ravalomana gurb é a bhí uaidh rialachas éifeachtach, deireadh a chur le héilliú agus an geilleagar a chur chun cinn, agus sa bhliain 2006 d'éirigh leis téarma eile a bhaint amach.

Sa bhliain 2007 rinne Ravalomanana an Bunreacht a athrú le reifreann: cuireadh le cumhacht phráinne an Uachtaráin, tugadh Béarla isteach mar an tríú teanga oifigiúil (chun infheistíocht a mhealladh ón Afraic Theas), athraíodh an córas riaracháin agus cinneadh nach mbeadh stádas tuata ag an tír feasta.

Bhí eagla ar an bhfreasúra go mbeadh uathlathas ann de bharr na n-athruithe, agus lochtaigh an Eaglais Chaitliceach an reifreann go dian ar an gcúis sin agus toisc nár mhian léi ladar an rialtais a fheiceáil i ngnóthaí creidimh. I gceann tamaill cuireadh i leith an Uachtaráin go raibh sé ag cur as do ghnólachtaí na tíre agus ag sealbhú na gceann ab éifeachtaí díobh. Tháinig Andry Rajoelina, méara Antananarivo, chun tosaigh sa fhreasúra, agus mhéadaigh ar mhíshásamh na ndaoine sa bhliain 2008 nuair a thug an rialtas leath thalamh beatha an oileáin do chomhlacht ón gCóiré Theas ar léas naoi mbliana is nócha. Tharla círéibanna callánacha sa phríomhchathair i mbliana, agus bhí ar Ravalomanana géilleadh do

lucht leanúna Rajoelina agus don Arm, dhá dhream a bhí ag obair as lámha a chéile. Rinneadh uachtarán de Rajoelina, agus tá cainteanna ar siúl idir na príomhpháirtithe faoi láthair.

Tá leagan den alt seo le fáil ag <http://ga.wikipedia.org/wiki/Madagascar>. Féach freisin <http://fr.wikipedia.org/wiki/Madagascar> agus <http://en.wikipedia.org/wiki/Madagascar>.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.